# Bláthú!

Eagrán 19

Bealtaine 2015

Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teo,
Cuileán,
An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe

Teil.: 091 595337
www.comharnaionrai.ie



## Polasaí Oideachais Gaeltachta

Tá Moltaí Polasaí don Oideachas Gaeltachta foilsithe le gairid ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Is éard atá ann ná réimse moltaí atá forbartha acu le bliain anuas chun oideachas a neartú sa Ghaeltacht. Tá said ag lorg tuairimí ó sheirbhísí luathoideachais agus tuismitheoirí Gaeltachta faoi láthair faoi na moltaí seo. Cuid de príomh-mholtaí atá ann ná:

- Sainmhíneofar scoil Ghaeltachta mar cheann a fheidhmíonn go hiomlan trí mheán na Gaeilge.
- Beidh tréimhse tumoideachais dhá bhliain trí Ghaeilge amháin ag bunscoileanna agus cuirfidh sé seo go mór leis an bhforbairt teanga atá déanta ag páistí tar éis an bhliain luath thumoideachais sa naíonra.

Thug an cháipéis aitheantas chomh maith don tábhacht a bhaineann leis an luathoideachas i gcomhthéacs na bunscoile.

Is cáipéis fíor thábhachtach é seo do thodhchaí na Gaeilge sa Ghaeltacht agus moltar do thuismitheoirí ar spéis leo é dul ar líne ag **www.education.ie** agus páirt a ghlacadh sa suirbhé agus a gcuid tuairimí maidir leis na moltaí a chur in iúl don Roinn Oideachais. B'fhéidir nach mbeadh deis mar seo again arís. Is féidir do chuid smaointe a chur ar ríomhphost chomh maith chuig: moltai_oideachasgaeltachta@education.gov.ie.

Is é an **15 Meitheamh 2015** an spriocdháta do mholtaí

## Naíonra Dhoirí Beaga



D'éirigh leis na páistí seo as Naíonra Dhoirí Beaga trí phríomh dhuais a bhaint i gcomórtas an "Béal Binn" a bhí mar pháirt d'Éigse Uladh a bhí ar siúl i nGaoth Dobhair i Márta 2015. Ghlac suas le 70 páiste páirt i rannóg na Naíonraí sa chomórtas.
An chéad áit: Emma McEntee
An dara háit: Colmán Mac Cumhaill agus Olivia Ní Ghallchóir
An tríú háit: Michaela Hanlon

## Iarscoil na Rinne, Co. Phort Láirge



Seo grúpa drámaíochta ó Sheirbhís Iarscoile na Rinne. I dteanna leis na páistí tá Róisín Clancy a stiúraigh an dráma, Labhra Uí Loingsigh agus Orla Ní Mhuirí, Príomh Stiúrthóir. Bhain siad amach an dara háit i gCraobh an Chontae i Scór na n-Óg. Maith iad!

# Naíonra an Fháil Charraigh, Co. Dhún na nGall

Tá Naíonra An Fháil Charraigh bunaithe le breis agus 25 bliain. Tá sé lonnaithe in ionad ar Pháirc Ghnó An Fhál Charraigh i gceantar Chloich Chionnaola le 8 mbliana. Tá 21 páiste cláraithe sa Naíonra i mbliana.

Tá sé suite in áit a thig leis na paistí agus an fhoireann dhul ar shiúlóidí nádúir. Bíonn na héin le cloisteáil ag ceol gach lá agus neadacha le feiceáil sna crainn.

Tá an fhoirgneamh breá mór le neart spás agus is maith leis na páistí an "Seomra Mór Spraoi" a úsáidtear le haghaidh aclaíocht agus cluichí Buntús srl.

Bhí lá mór againn i Mí Aibreán nuair a thug muid na páistí ar shiúlóid go dtí héileapad in aice leis an Naíonra. Déanann héileacaptar freastal ar bhunú Oileán Thorraigh gach coicís i rith an gheimhridh le hearraí agus le daoine a thabhairt ann agus ar ais ón oileán nuair nach bhfuil an bád farantóireacht ábalta seoladh.

Bhí an t-ádh orainn nuair a shroich muid an héileapad, bhí na píolótaí ar an láthair agus thug siad na páistí isteach sa héileacaptar agus thug siad treoracha stiúrtha tiomána díofa. Chuir siad na cluasáin orthu agus bhí sceitimíní ar na páistí. Bhí scéal mór le hinsint acu do na tuismitheoirí an lá sin.



I mí na Samhna thug coiste an tSean Bheairic ar phríomh shráid an Fháil Charraigh cuireadh do pháistí Naíonra An Fháil Charraigh Leabharlann Taobh Tíre do mhuintir na tuaithe a sheoladh go oifigiúil. Bhí lá iontach ag na páistí ansin le scéalaíocht agus puipéid.

Is í Anna Máire Ní Ghallchóir an Príomh Stiúrthóir agus is í Nóirín Nic Ruairí an Stiúrthóir. Tá siad ag obair sa Naíonra le sé bliana déag.

## Na Stiúrthóirí i mbun oiliúna






**Stiúrthóirí as réigiún na Gaillimhe i mbun Cúrsa Aireachais le Seán Ó Tarpaigh.**



**Éanna Ní Lamhna ag déanamh cur i láthair do Stiúrthóirí as Maigh Eo agus Gaillimh i Lough Lannagh faoin téama Nádúr sa Naíonra.**

# Naíonra an Chnoic, Tír an Fhia, Co. na Gaillimhe




Tá Naíonra an Chnoic, Tír an Fhia ar an mbóthar anois le 32 bliain. Is í Bríd Uí Chualáin an Príomh Stiúrthóir atá sa Naíonra ó d'oscail sí i 1982 agus tá Áine Uí Fhiannaigh ina Stiúrthóir ón bhliain 2000. Tá Noreen Uí Lochlainn ag tabhairt cúnamh dóibh ó 2006.

Chun an 32 bliain ar an bhfód a cheiliúradh d'eagraigh na Stiúrthóirí, Coiste agus tuismitheoirí an Naíonra Oíche Mhór Airneáin i Halla Thír an Fhia Aoine Chéasta agus bhí fíor oíche siamsaíochta ann.

Chum Máirín Uí Dhomhnaill amhrán speisialta don ócáid agus chas a mac Bertie O Domhnaill, duine d'iar-scoláirí an Naíonra, é.

Chuir gasúir Naíonra na bliana seo tús leis an oíche gléasta suas mar Pheigíní agus Páidíní agus chas siad roinnt amhráin don slua. I measc na n-amhráin a chas siad bhí Peigín Leitir Móir agus Dílín O Deamhas agus bhí siad le cloisteáil ar Raidió na Gaeltachta cúpla lá roimh an Oíche Airneáin.

Ghlac go leor do iar-scoláirí agus cairde an Naíonra páirt ins an oíche agus is iontach éirimiúil an grúpa a bhí ann. Bhí siad ag amhránaíocht, ceol, damhsa agus drámaíocht fiú, agus is í Cáitín De Bhailís a bhí ina bean an tí agus rinne sí fíor jab dá gcur in aithne don slua.

# Naíonra na Fairche, Co. na Gaillimhe

Thug páistí, tuismitheoirí agus Stiúrthóirí Naíonra na Fairche cuairt ar Ghorlann Éisc Chonga. Rinne na hOifigigh Iascaigh cur i láthair suimiúil dóibh agus chonaic siad go leor éisc dhifriúla chomh maith le hainmhithe fiáine na hÉireann. Tar éis an Ghorlainn thug siad cuairt ar Mhainistir Chonga áit ina raibh picnic deas agus an-spraoi acu ag rith thart agus ag taiscéalaíocht.





Faraor tá Éilís Seoighe ag bogadh ar aghaidh chuig féarach nua i mbliana. Chuir Éilís a croí agus gach rud a bhí aici isteach ina cuid oibre ó thosaigh sí i Naíonra na Fairche agus beidh a lorg le feiceáil ann i gcónaí. Guímid gach rath uirthi.








Páistí as Naíonra Chill na Martra ag glacadh páirt  I mórshiúl Lá 'le Lachtaín.



Naíonra Cheann Trá, Co. Chiarraí



Tháinig grúpa áitiúil de shean-thuismitheoirí, gaolta agus comharsan de na páistí ar chuairt chuig Naíonra na Dromoda. Mar chuid den churaclam Aistear ba cheart go mbeadh an-bhaint agus ceangal ag páistí lena dtimpeallacht féin agus leis na daoine a chónaíonn ann.



Páistí as Naíonra Ros an Mhíl, Co. na Gaillimhe ar a dturas bliantúil.



Naíonra Ghleann Cholm Cille, Co. Dhún na nGall ag cur síolta agus ag baint an-sult as!



Páistí Naíonra an Fheirtéaraigh, Co. Chiarraí ag baint súp as an ndrumadóireacht. Tugann drumadóir áitiúil cuairt ar na Naíonraí sa cheantar gach bliain agus bíonn seisiúin ag na páistí leis.



Cuid den slua a bhí I láthair ag Oíche Airneáin Naíonra an Chnoic, Tír an Fhia le gairid

# Ag fáil do pháiste réidh don scoil

Is céim mhór í an t-aistriú ón Naíonra go dtí an scoil don pháiste. Seo cúpla moladh maidir le cabhrú le do pháiste fáil réidh don scoil:

- Faigh amach an bhfuil an togra Nasc Leis an mBunscoil i bhfeidhm i do naíonra agus cén chúnamh a thabharfaidh sé seo don pháiste an t-aistriú seo a dhéanamh.
- Labhair go dearfach leis an bpáiste faoin scoil. Bíonn taithí éagsúla ag tuismitheoirí maidir leis an scoil ach tá sé tábhachtach an taobh dearfach a thabhairt don pháiste.
- Tabhair cuairt ar an scoil nuair a bhíonn lá oscailte acu do na tuismitheoirí. Bíodh fhios agat cén seomra a mbeidh do pháiste ann i Meán Fómhair agus cas leis an múinteoir a bheas ag an bpáiste sa chaoi agus go mbeidh a fhios acu roimh ré cé a bheas á múineadh.
- Labhair faoin scoil mar áit a gcasfar cairde nua orthu agus a mbeidh siad ag déanamh rudaí spéisiúla
- Bíodh éide scoile, leabhair, málaí etc. faighte luath sa samhradh sa chaoi agus nach mbeidh aon strus gar don am.

**Ar an gcéad lá:**

- Déan cinnte go bhfuil na héide scoile, bróga, mála agus gach rud réidh an oíche roimhe.
- Bíodh bricfeasta maith acu - teastaíonn fuinneamh don scoil.
- Bíodh ainm an pháiste ar gach rud a bhaineann leo. Tabharfaidh sé seo muinín dóibh a gcuid rudaí féin a aithint
- Bíodh lón sláintiúil agus sneaic (más gá) i mbosca lóin atá éasca le hoscailt.
- Tug neart ama duit féin sa chaoi nach mbeidh tú ag deifriú agus ag cur strus ort féin.
- Tabhair an páiste chomh fada leis an seomra ranga agus taispeáin dóibh cá gcuireann siad a gcóta agus a mála.
- Pioc suas in am iad sa chaoi agus nach mbeidh siad trína chéile ag ceapadh go bhfuil dearmad déanta orthu. Cuimhnigh gur athrú mór é seo dóibh agus teastaíonn dearbhú uathu go bhfuil siad ábalta dó seo.

## Naíonra Naomh Seosaimh, Acaill, Co. Mhaigh Eo

Thosaigh Naíonra Naomh Seosaimh in Acaill, Co. Mhaigh Eo ag baint úsáid as an mBord Cainte i mbliana. Chlúdaigh na Stiúrthóirí bord le páipéir bán agus d'fhág siad cúpla crián agus marcóirí ar an mbord. Bhí cúpla fearas faoin fharraige agus foghlaithe mara ag anagus mheall siad na páistí chun cainte. Thosaigh siad ag caint faoi Ghráinne Mhaol, Banríon na bhFoghlaithe Mara, agus atá lárnach sa stair áitiúil Stiúrthóir agus í ina suí ag an mbord . Chuir na páistí leis an scéal agus tharraing siad na pictiúir a bhí ina gceann féin. Ag deireadh an tseisiúin bhí scéal mór iontach acu agus lean an chaint ar aghaidh ar feadh seachtaine. Chroch siad suas an scéal sa halla áit ina mbeadh na tuismitheoirí ar fad in ann é a fheiceáil agus a phlé lena gcuid páistí féin.




## Naíonra an tSean Phobail, Co. Phort Láirge




**Páistí as Naíonra an tSean Phobail, Co. Phort Láirge ag tabhairt cuairt ar an Stáisiún Dóiteán áitiúil.**

# Imeachtaí na Féile Pádraig




Bhuaigh Naíonra an Chnoic, Tír an Fhia an dara duais i gcomórtas de chuid Fhoras na Gaeilge a bhí ar bun i rith Sheachtain na Gaeilge. Is é an comórtas a bhí i gceist ná Céiliúradh Lá Fhéile Phádraig agus is é an obair cheardaíochta, amhráin, rannta & scéalta a rinne na gasúr don cheiliúradh chomh maith le pictiúr dóibh gléasta suas mar Pheigíní agus Páidíní ag paráid Lá Fhéile Pádraig a chuaigh ar aghaidh ag an gcomórtas. Tá beart míreanna mearaí agus dlúthdhioscaí ar an mbealach ag an Naíonra, chomh maith le teastais do na gasúir ar fad. Maith iad!



Seo páistí as Naíonra na nDúnaibh a ghlac páirt i bParáid na Féile Pádraig a bhí ar siúl i gCarraig Airt agus d'éirigh leo an rannóg sóisir a bhaint.




Naíonra Lios Póil, Co. Chiarraí ag déanamh Cinnín Óir agus na Trí Bhéar do Pharáid an Féile Pádraig

# Bláthú!